# FÓGRA NUACHTÁIN

**Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)**
**Na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001 (arna leasú) - Cuid 8**

**Iarratasóir:** Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Seirbhísí Tithíochta agus Pobail

**Suíomh**: Láithreán atá thart ar 3.64 ha ar theorainn Chluain Ghort na Silíní, Bhóthar an Chlaí Dhuibh, Chorrán Choill na Croite agus Ascaill Ghort na Silíní, Gort na Silíní, Baile Átha Cliath 10,

**Togra**: De bhun cheanglais an Achta agus na Rialachán thuasluaite, tugtar fógra leis seo maidir le tógáil forbartha ilchineálaí ina mbeidh 171 aonad cónaithe agus lárionad comharsanachta ar láithreán atá thart ar 3.64 ha ar theorainn Chluain Ghort na Silíní, Bhóthar an Chlaí Dhuibh, Chorrán Choill na Croite agus Ascaill Ghort na Silíní, Gort na Silíní, Baile Átha Cliath 10, lena gcuimseofar an méid seo a leanas:

- Tógáil bhloc nua lárionaid chomharsanachta ar chúinne Bhóthar an Chlaí Dhuibh agus Ascaill Ghort na Silíní, idir 4 agus 5 stór ar airde, lena gcuimseofar; 4 aonad miondíola (599 méadar cearnach de spás miondíola) agus 3 aonad spáis pobail, ealaíon agus cultúrtha (615 méadar cearnach san iomlán) ar urlár na talún; agus 107 aonad árasáin do 'Dhaoine Scothaosta' (94 aonad 1 sheomra leapa agus 13 aonad 2 sheomra leapa) ar gach urlár; agus stórais, stóráil boscaí bruscair agus rothair agus seomra innealra;
- Tógáil 64 teach leathscoite/sraithe dhá stór (13 aonad 2 sheomra leapa agus 51 aonad 3 sheomra leapa) socraithe i dtrí ghráig os comhair na mbóithre máguaird agus sráideanna inmheánacha nua;
- Soláthar páirce lárnaí nua a shíneann ó Chluain Ghort na Silíní go dtí Ascaill Ghort na Silíní ina mbeidh 0.76 ha de spás oscailte poiblí lena n-áirítear gné shruthchúrsa athchóirithe ó sholas an lae i Sruthán an Chlaí Dhuibh (atá ina tóchar faoi thalamh faoi láthair), áit súgartha, plás cathartha, droichead coisithe agus siúlbhealaí le taobh an tsrutha;
- Spás oscailte comhroinnte de 638 méadar cearnach san iomlán;
- Soláthar 91 spás páirceála do charranna, 4 spás páirceála do ghluaisrothair agus bá lódála amháin;
- Soláthar 228 spás páirceála do rothair;
- Tá trí bhealach isteach d'fheithiclí beartaithe ó Bhóthar an Chlaí Dhuibh, Cluain Ghort na Silíní agus Ascaill Ghort na Silíní;
- Oibreacha bóthair agus feabhsuithe ar an réimse poiblí feadh Ascaill Ghort na Silíní idir Bóthar an Chlaí Dhuibh agus Corrán Choill na Croite, lena gcuimseofar; scartáil timpealláin ag acomhal Ascaill Ghort na Silíní agus Garrán Ghort na Silíní agus T-acomhal a chur ina áit; trasrianta coisithe nua agus athlonnú dhá stad bhus atá ann cheana (Aitheantóir Stad: 2909 agus Aitheantóir Stad: 7507);
- Obair ghlanta láithreáin, lena n-áirítear baint an fhálaithe atá timpeall ar an láithreán cheana;
- Cóireálacha teorann, soilsiú poiblí, oibreacha draenála, bearta moillithe tráchta, trasrianta coisithe nua, bóithre agus cosáin inmheánacha, tírdhreachú agus fostáisiún BSL; agus
- Gach seirbhís láithreáin choimhdeach agus oibreacha forbartha os cionn talún agus faoi thalamh.

Rinneadh Scagadh le haghaidh Measúnacht Chuí ar an togra i gcomhréir le hAirteagal 6(3) den Treoir um Ghnáthóga (92/43/CEE) agus scagadh le haghaidh Measúnacht Tionchair Timpeallachta faoi Threoir MTT 2011/92/AE, arna leasú le Treoir 2014/52/AE.
I gcomhréir le hAirteagal 81 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú, tá cinneadh déanta ag an Údarás Pleanála agus ba é a chonclúid:

(a) Ní dócha go mbeidh tionchar suntasach ag an bhforbairt atá beartaithe, ina haonar ná i gcomhcheangal le pleananna agus tionscadail eile, ar aon láithreán/láithreáin Eorpach(a) agus, mar sin, ní cheanglaítear Measúnacht Chuí Céim 2.

(b) Níl aon dóchúlacht réadúil go mbeidh éifeachtaí suntasacha ar an gcomhshaol mar thoradh ar an bhforbairt atá beartaithe agus ní bhaineann an fhorbairt atá beartaithe le haicme a leagtar amach i Sceideal 5 de na Rialacháin um Pleanáil agus Forbairt, 2001, arna leasú agus, dá bhrí sin, ní cheanglaítear Tuarascáil ar Mheasúnacht Tionchair Timpeallachta (TMTT) ina leith.

Is féidir le duine ar bith, laistigh de 4 seachtaine ó dháta foilsithe an fhógra seo, iarratas a dhéanamh chuig an mBord Pleanála ar chinneadh scagtha maidir le cé acu ar dhócha go mbeadh tionchar suntasach ag an bhforbairt ar an gcomhshaol.

Is féidir Pleananna agus Sonraí na forbartha atá beartaithe a scrúdú nó a cheannach ar tháille nach mó ná an costas réasúnta a bhaineann le cóip a dhéanamh ar feadh tréimhse **4 seachtaine ón 11/12/2025 go dtí 19/01/2026,** le linn uaireanta oscailte poiblí in Oifigí Chomhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, An Chuntar Poiblí, An Rannóg Pleanála agus Forbartha Maoine, Bloc 4, An Bunurlár, Oifigí Cathartha, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, Luan go hAoine, 9.00am go 4.30pm. Tá na pleananna agus sonraí ar fáil freisin lena n-iniúchadh ar líne: https://engage.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie

Féadfar aighneacht nó tuairim maidir leis an bhforbairt atá beartaithe, ina bpléitear pleanáil cheart agus forbairt inbhuanaithe an cheantair ina mbeadh an fhorbairt suite, a dhéanamh i scríbhinn chuig an mBainisteoir Feidhmiúcháin, An Rannóg Pleanála agus Forbartha Maoine, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath, Oifigí Cathartha, An Ché Adhmaid, Baile Átha Cliath 8, roimh 4.30pm an **03/02/2026**.

Is féidir aighneachtaí nó tuairimí a dhéanamh ar líne freisin https://engage.dublincity.ie ar shuíomh gréasáin na Comhairle Cathrach www.dublincity.ie roimh 23.59 an *03/02/2026*.